**Mo Ghrá-Sa (Idir Lúibíní) – *le Nuala Ní Dhomhnaill.***

**Téama:**

Baineann an dán seo le grá gan chuntar an fhile dá fear céile. Ach ní dán grá nósmhar é – Tá an cur síos a dhéanann an file ar a fear céile iontach réalaíoch agus tá greann le feiceáil ann. Ní fear dathúil é, ach is cuma léi mar tá sé deas, cineálta. B'fhéidir nach bhfuil sé cosúil le bláth. B'fhéidir go bhfuil a shúile ró-ghar dá chéile. B'fhéidir nach bhfuil a ghruaig deas. Ach níl sin tábhachtach mar tugann sé úlla agus caora finiúna di.

**Mothúcháin:**

Is iad grá agus áthas na mothúcháin is láidre sa dán seo. Déanann an file cur síos greannmhar ar a leannán, ach is cur síos réalaíoch é. Sna seandánta grá, feicimid buanna an duine, ach feiceann an file seo lochtanna *agus* buanna a fir. Ach tuigimid go bhfuil an file sásta lena fear, díreach mar atá sé. Úsáideann sí íomhánna cliste chun cur síos a dhéanamh ar a fear céile. Sa véarsa deireanach, tá sí sásta go dtugann sé torthaí di mar bhronntanas. Tugann sé aire mhaith don fhile.

**Barúl:**

Is aoibhinn liom an dán seo, mar tá sé iontach greannmhar.

Níl fear an fhile cosúil le nóiníní. Fásfaidh siad amach as a chluasa agus é curtha sa reilg, ach sin é!. Feicimid siombail iontach cliste sa véarsa deireanach. Tugann an fear seo úlla don fhile. Feicimid gur duine fial, fláithiúil é an fear céile. Tá caidreamh speisialta idir an file agus a grá. Is fear nua-aimseartha é agus tugann sé aire mhaith dá bhean chéile.